Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2026
(OR. en)

10270/26

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0188 (NLE)**

**VISA 60**
**MIGR 155**
**RELEX 795**
**COAFR 176**
**COMIX 133**
***CH***
***IS***
***LI***
***NO***

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí a mhéid a bhaineann leis an tSomáil<br>- Glacadh |

1. An 23 Iúil 2024, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí a mhéid a bhaineann leis an tSomáil[1].

2. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Víosaí an 18 Meán Fómhair 2024, thíolaic an Coimisiún an togra agus tionóladh an chéad seisiún tuairimíochta maidir leis an togra. Ón 24 Deireadh Fómhair 2024, rinneadh measúnú rialta ar chomhar na Somáile maidir le hathligean isteach ag cruinnithe na meithle um Lánpháirtiú, Imirce agus Díbirt (IMEX Expulsion). Le linn an phlé sin, measadh go ginearálta nach raibh leibhéal comhair na Somáile maidir le hathligean isteach leordhóthanach. Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle (CGB) an 4 Meitheamh 2026, moladh go mór go leanfaí ar aghaidh le glacadh na mbeart víosaí atá beartaithe.

[1] 12536/1/24 REV 1.

3. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

4. Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme thuasluaite, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 10268/26 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Foilseofar an Cinneadh Cur Chun Feidhme san Iris Oifigiúil i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.